C/2024/5943

1.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11693 – PLATINUM EQUITY GROUP / FRATELLI POLLI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5943)

1. An 25 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— GG6 S.r.l. (an Iodáil), faoi rialú deiridh Platinum Equity LLC (in éineacht lena fhochuideachtaí 'Platinum Equity Group', na Stáit Aontaithe),

— Fratelli Polli S.p.A. ('Fratelli Polli', an Iodáil).

Gheobhaidh Platinum Equity Group rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Fratelli Polli.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta cothromais phríobháidigh é Platinum Equity Group, a bhfuil a cheanncheathrú sna Stáit Aontaithe, a dhéanann sainchúram de chumasc, éadáil agus oibriú cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí agus réitigh do chustaiméirí i raon leathan gnólachtaí, lena n-áirítear seirbhísí gnó, an teicneolaíocht faisnéise, an teileachumarsáid, an lóistíocht, seirbhísí miotail, monarú agus dáileadh,

— Tá Fratelli Polli, a bhfuil a cheanncheathrú san Iodáil, gníomhach i dtáirgeadh agus i ndáileadh táirgí bia, lena n-áirítear ológa, picilíní, tarsainn, anlainn agus bia-in-ola.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11693 – PLATINUM EQUITY GROUP / FRATELLI POLLI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË